Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Márta 2018**
**(OR. en)**

**7261/18**

**EJUSTICE 17**
**JURINFO 12**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Márta 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5306/18 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh laistigh den Chomhairle maidir le dea-chleachtais i ndáil le foilsiú cinntí ón gcúirt ar líne<br>- Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe na mBallstát ag teacht le chéile dóibh laistigh den Chomhairle (8 Márta 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le dea-chleachtais i ndáil le foilsiú cinntí ón gcúirt ar líne, a ghlac an Chomhairle ag an 3603ú cruinniú, a bhí aici ar an 8 Márta 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh laistigh den Chomhairle,**
**maidir le dea-chleachtais i ndáil le foilsiú cinntí ón gcúirt ar líne**

1. Sna sochaithe daonlathacha nua-aimseartha ceanglaítear leis an Smacht Reachta go mbeadh cur i bhfeidhm an dlí ag na breithiúna trédhearcach agus go mbeadh rochtain leordhóthanach ag na saoránaigh ar fhoinsí an dlí. Tugtar léargas le foilsiú cinntí ón gcúirt ar an mbealach a chuireann an breitheamh an dlí i bhfeidhm. Tá eolas faoi chásanna suntasacha ríthábhachtach do dhlíodóirí, do chomhlachtaí poiblí agus do shaoránaigh le go mbeidís ar an eolas faoi fhorbairt an dlí.

2. Leis an idirlíon tá athrú ó bhonn tagtha ar an mbealach gur féidir faisnéis a scaipeadh; úsáideann roinnt mhaith cúirteanna agus údarás breithiúnach teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun cinntí ón gcúirt a chur ar fáil do chách.

3. Tá eolas frithpháirteach ar chórais dlí na mBallstát eile ríthábhachtach ionas go bhfeidhmeoidh dlíchóras an Aontais i gceart, go háirithe maidir le cur chun feidhme dhlí an Aontais ach ní hamháin chuige sin.

4. Éilítear cothromaíocht idir roinnt mhaith leasanna éagsúla le cinntí ón gcúirt a fhoilsiú ar líne, laistigh de na teorainneacha a leagtar amach le creataí dlíthiúla agus beartais. Is féidir roinnt na ndea-chleachtas náisiúnta a bheith mar fhoinse spreagtha chun cothromaíocht a fháil idir na leasanna sin.

5. Déantar cur síos sa doiciméad seo ar shraith de na dea-chleachtais sin. Ba cheart a chur i bhfáth nach bhfuil na dea-chleachtais sin éigeantach, nach saothraíonn siad chun aon chineál comhchuibhithe a bhaint amach agus nár cheart féachaint orthu ach mar dheis chun machnamh a dhéanamh. Is faoi gach Ballstát aonair agus/nó gach cúirt a chinneadh a mhéid a fhoilseofar cinntí ón gcúirt agus an tslí ina ndéanfar é sin.

6. Sa doiciméad seo clúdaítear leis an téarma 'cinntí ón gcúirt' gach cineál cinnidh bhreithiúnaigh idirmheánaigh agus chríochnaithigh, faoi cibé ainm, arna soláthar ag na cúirteanna nó na binsí mar a shainmhínítear faoin dlí náisiúnta.

7. Ní bhaineann na dea-chleachtais sin ach amháin le foilsiú gníomhach cinntí ón gcúirt ar an idirlíon; ní chumhdaítear an rochtain ar thaifid/chinntí ón gcúirt leo mar a rialaítear le córais náisiúnta ar rochtain ar dhoiciméid phoiblí, sa mhéid go bhfuil na córais sin bunaithe ar rochtain a chur ar fáil trí iarratais aonair i gcásanna sonracha.

## I. Maidir le roghnú

8. Mura bhfoilsítear ach rogha de chinntí ón gcúirt ar an idirlíon, is féidir le critéir roghnúcháin i scríbhinn próisis oibre na n-institiúidí atá freagrach as foilsiú na gcinntí ón gcúirt a éascú, agus trédhearcacht i leith an phobail á cruthú ag an am céanna. Chun críche trédhearcachta, féadfar breathnú ar fhoilsiú na gcritéar roghnúcháin, bíodh iad foirmlithe sa reachtaíocht, i gcinntí breithiúnacha nó i dtreoirlínte beartais

## II. Maidir le cosaint sonraí

9. Maidir le cosaint sonraí pearsanta i gcinntí ón gcúirt (agus a meiteashonraí) a fhoilsítear ar an idirlíon, iarrtar ar na Ballstáit breathnú ar impleachtaí na Treorach um Chosaint Sonraí, agus, amhail ón 25 Bealtaine 2018, ar impleachtaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus ionstraimí gaolmhara

10. Agus modh (más ann dó) á roghnú chun sonraí pearsanta i gcinntí foilsithe ón gcúirt a cheilt, ba cheart aird ar leith a tharraingt ar inléiteacht agus ar shothuigtheacht an téacs.

11. Spreagtar na cúirteanna náisiúnta agus údaráis eile aird a thabhairt ar Airteagal 95 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, ina léirítear na dálaí ina bhféadfaidh daoine nó eintitis lena mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí a bheith anaithnid laistigh de na réamhimeachtaí rialaithe, agus ar mhír 21 agus mír 22 de 'Moltaí do na cúirteanna agus na binsí náisiúnta maidir le réamhimeachtaí rialaithe a thionscnamh', ina bhfuil tuilleadh faisnéise maidir leis an nós imeachta faoi Airteagal 95 thuasluaite.

## III. Maidir le hathúsáid

12. Is féidir a mheas gur dea-chleachtas é cinntí ón gcúirt a fhoilsítear a chur ar fáil lena n-athúsáid i bhformáidí a bheidh inléite ag ríomhaire, a mhéid is féidir agus srianta teicniúla nó buiséadacha chomh maith le gnéithe an phróisis dréachtaithe á gcur san áireamh.

13. Is féidir a mheas gur dea-chleachtas é meiteashonraí foirmiúla ar a laghad a chur ar fáil lena n-athúsáid freisin, i bhformáid dea-struchtúrtha.

14. Chun fónamh do riachtanais athúsáideoirí, d'fhéadfaí breathnú ar roghanna oiriúnacha le híoslódáil a dhéanamh.

## IV. Maidir le feabhas a chur ar inúsáidteacht

15. Ós rud é go bhfoilsítear líon an-mhór cinntí ón gcúirt ar líne, ba cheart breathnú ní hamháin ar infhaighteacht na dtaisclann sin ach freisin ar a n-inúsáidteacht. D'fhéadfaí féachaint faoi shaoráidí éagsúla chun inúsáidteacht bunachar sonraí a neartú agus faoi roghanna chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na faisnéise atá iontu, ag brath ar mhéideanna agus ar shonraíochtaí faoi leith na gcinntí foilsithe, ar riachtanais iarbhír ó shaoránaigh agus ón gcomhphobal dlíthiúil agus ar thraidisiúin náisiúnta chomh maith. D'fhéadfaí innill chuardaigh agus meiteashonraí, mar shampla, a chur san áireamh. D'fhéadfadh na réimsí éigeantacha agus roghnacha a luaitear san Aitheantóir Cásdlí Eorpaigh (ECLI) a bheith ina spreagadh do mheiteashonraí.

16. Cuidítear le trédhearcacht na mbreithiúna trí fhoilsiú cuimsitheach cinntí ón gcúirt ach ar an láimh eile cruthaítear taisclanna ollmhóra a bhféadfadh sé a bheith deacair cinntí de thábhacht dhlíthiúil shonrach nó a bhfuil tionchar ar an tsochaí acu a aimsiú iontu. Más indéanta go teicniúil agus go heagraíochtúil, bheadh sé inmholta cineál éigin cáilíochta tábhachta a chur ar fáil, lena léireofaí cén cinntí atá ábhartha do dhaoine seachas na páirtithe sa chás agus a mhéid is atá siad ábhartha dóibh.

Mar dhea-chleachtas maidir le haitheantas d'aon ghuth agus le lua cinntí ón gcúirt, ba cheart féachaint faoin Aitheantóir Cásdlí Eorpaigh a chur chun feidhme. Chun an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as creat ECLI is féidir a mholadh go ndéanfaí cinntí a shanntar ECLI dóibh a chur ar fáil trí Inneall Cuardaigh ECLI.